Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Nollaig 2017
(OR. en)

15893/17

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0382(COD)**

**ENER 522**
**CLIMA 357**
**CONSOM 407**
**TRANS 571**
**AGRI 710**
**IND 384**
**ENV 1082**
**CODEC 2114**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15236/17 ENER 486 CLIMA 335 CONSOM 383 TRANS 532 AGRI 666 IND 352 ENV 1015 CODEC 1969 +COR1 +ADD1 +ADD1COR1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15120/1/17 ENER 417 CLIMA 168 CONSOM 298 TRANS 479 AGRI 650 IND 261 ENV 757 IA 130 CODEC 1802 REV 1 (en) + ADD 1 REV 1 (en) |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú) |

Ar an 18 Nollaig 2017, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta i ndáil leis an togra thuasluaite, ar bhonn ST 15236/17 +ADD1 +COR1 +ADD1COR1, arna chomhlánú leis na hathruithe mar a léirítear san Iarscríbhinn iad.

N.B. léirítear na hathruithe atá beartaithe dá bhfuil anseo, i gcomparáid le 15236/17 + COR 1, i **<u>gcló trom agus líne fúthu.</u>**

- Ar lch. 33, cuirtear aithris nua leis, aithris 64ter, a léitear mar seo a leanas:

"**<u>(64ter) I bhfianaise na srianta aeráide lena gcuirtear teorainn leis an bhféidearthacht cineálacha áirithe bithbhreoslaí a ídiú i ngeall ar ábhar imní maidir leis an gcomhshaol, leis an teicneolaíocht agus leis an tsláinte, agus i ngeall ar mhéid agus ar struchtúr an mhargaidh breosla, is iomchuí go gceadófaí don Chipir agus do Mhálta, ionas go bhféadfar a léiriú go bhfuil na hoibleagáidí náisiúnta um fhuinneamh inathnuaite atá ar sholáthróirí breosla á gcomhlíonadh, na teorainneacha sin atá ag baint leo a chur san áireamh.</u>**"

***

- Ar lch. 52, léitear pointe (gg) mar a leanas:

"(gg) ciallaíonn 'soláthróir breosla' eintiteas a sholáthraíonn breosla don mhargadh **atá** freagrach as breosla **[ ]** a chur trí phointe dleacht mháil nó, **i gcás an leictreachais nó** i gcás nach dlite aon dleacht mháil, **<u>nó i gcás ina bhfuil bonn cirt leis</u>**, aon eintiteas ábhartha eile arna ainmniú ag Ballstát;"

***

- Ar lch. 92, léitear an tríú fomhír d'Airteagal 25(1) mar seo a leanas:

"**Laistigh den sciar iomlán sin, measfar rannchuidiú an leictreachais inathnuaite a bheith 5 oiread a luacha fuinnimh nuair a sholáthraítear d'fheithiclí bóthair é agus a bheith <u>2 oiread a luacha fuinnimh nuair a sholáthraítear d'iompar ar iarnród é</u>.**"

***

- Ar lch. 93, léitear an seachtú fomhír d'Airteagal 25(1) mar seo a leanas:

**"Chun ollídiú deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh a leagtar amach in Airteagal 7 agus an sciar a leagtar amach sa chéad fhomhír den Airteagal seo a ríomh, <u>áiritheofar nach mbeidh an rannchuidiú ó bhithbhreoslaí agus ó bhithleachtanna, mar aon leis an rannchuidiú ó na breoslaí bithmhaise a ídítear le linn iompar, má tháirgtear ó bharra bia nó beatha iad, níos mó ná 7% den ídiú deiridh fuinnimh in iompar bóthair agus iarnróid sa Bhallstát sin.</u> Féadfaidh na Ballstáit íosteorainn a leagan síos agus idirdhealú a dhéanamh chun críocha Airteagal 26(1) idir cineálacha éagsúla bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bharraí bia agus beatha, bunaithe ar na catagóirí a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII, mar shampla trí íosteorainn a leagan síos i dtaca leis an rannchuidiú ó bhia nó ó bhithbhreoslaí arna mbunú ar amhábhair agus arna dtáirgeadh as ola-bharraí, agus an tionchar ón athrú indíreach ar thalamhúsáid á chur san áireamh. I gcás ina gcinneann Ballstát an rannchuidiú ó bhithbhreoslaí a tháirgtear ó bharraí bia agus beatha a theorannú go sciar níos ísle ná 7%, féadfaidh an Ballstát sin an sciar foriomlán dá dtagraítear sa chéad fhomhír a laghdú dá réir sin**."

***

- Ar lch. 105, léitear an dara fomhír d'Airteagal 26(8) mar a leanas:

"Chun críocha phointe (a) agus phointe (b) de mhír 1, ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo ach i gcás suiteálacha a rachaidh i mbun feidhme **<u>nó a thiontaítear ina mbreoslaí bithmhaise</u>** tar éis [3 bliana ó dháta glactha na Treorach seo]. Chun críocha phointe (c) de mhír 1, beidh an fhoráil seo gan dochar do thacaíocht phoiblí arna tabhairt faoi scéimeanna arna bhformheas faoi [3 bliana tar éis dháta glactha na Treorach seo]."